
# Caiteachas
# Moltaí i Sladmhargadh


**Is moltaí iad seo le cinntiú nach dtéimid thar fóir le caiteachas.**

**Socraigh ord tosaíochta:**
Tá sé éasca a bheith meallta ag tairiscintí speisialta. Bí cinnte go bhfuil airgead agat do na rudaí atá ag teastáil uait sula dtéann tú ag smaoineamh faoi rudaí nach bhfuil - Tabhair tús áite do na riachtanais, ní do na mianta.



**Déan buiséad:**
Ní fhaigheann tú margadh maith ach amháin sna cásanna go mbíonn rud éigin ag teastáil uait. Déan plean sula dtéann tú ag siopadóireacht agus tabhair tús áite do na míreanna atá riachtanach.

**Bain úsáid as airgead tirim nó cárta dochair. Úsáid cárta creidmheasa nuair is gá.** Má tá tú chun úsáid a bhaint as do chárta creidmheasa, smaoinigh ar dtús faoin méid atá á chaitheamh air. Tá sé an-éasca dul thar fóir le caiteachas nuair nach bhfuil ort é a íoc ar ais láithreach. Faraor, beidh ort do bhille a íoc uair éigin agus bailíonn an t-ús gan mhoill.



**Déan roinnt taighde sula dtéann tú**:
Is minic go mbíonn suíomhanna maithe ag roinnt de na siopaí móra gur féidir a fhiosrú sula dtéann tú ag siopadóireacht. Tá seans go laghdóidh seo an 'tobcheannach' ar an láthair de rudaí nach bhfuil de dhíth ort. Is féidir íoc as earraí ina n-iomláine ar shuíomhanna áirithe – a chuireann deireadh leis an gcathú go hiomlán.

**Coimeád taifead den chaiteachas de réir a chéile:**
D'fhéadfá áireamhán nó fón a úsáid chun taifead a choimeád de réir a chéile – chun súil a choimeád ar an méid airgid atá á chaitheamh. Sa tslí seo ní bhainfear geit asat nuair a fhaigheann tú an chéad bhille eile don chárta creidmheasa.



**Bain leas as dearbhán nuair is féidir leat:**
Más rud é go bhfuil dearbhán faighte agat – bíodh sin don Nollaig nó eile – bí cinnte go mbaineann tú leas as chun an tsuim a bheidh le caitheamh agat a laghdú.

CCPC
Coimisiún um Iomaíocht agus Cosaint Tomhaltóirí
Competition and Consumer Protection Commission
An Chomhairle um Oideachas Gaeltachta & Gaelscolaíochta